Cuntas Leithreasa 2023

# Vóta 14

# An tSaotharlann Stáit

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 14, ceanglaítear orm an cuntas leithghabhála don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

I gcomhréir leis an gceanglas seo, tá an méid a caitheadh sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2023 ar thuarastail agus ar chostais na Saotharlainne Stáit ullmhaithe agam sa chuntas a ghabhann leis seo.

Cuirtear an t-olltoradh caiteachais i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2023, lena n-áirítear an méid a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Tá barrachas €263,000 faoi dhliteanas le géilleadh don Státchiste.

Tá an ráiteas ar bheartais agus prionsabail chuntasaíochta agus nótaí 1 go dtí 5 mar chuid den chuntas.

## Ráiteas ar bheartais agus ar phrionsabail chuntasaíochta

Ullmhaíodh an cuntas ag baint úsáide as na beartais agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadadh agus Athchóirithe an Phlean Forbartha Náisiúnta i gciorclán 22 de 2023, cé is moite díobh seo a leanas.

***Dímheas***

Gearrtar dímheas bliana iomlán sa bhliain éadála/coimisiúnaithe agus ní ghearrtar aon dímheas sa bhliain diúscartha. Gearrtar dímheas de réir méid cothrom.

Meastar mar seo a leanas saolréanna fóinteacha agus rátaí amúchta gaolmhara na bpríomhaicmí sócmhainní doláimhsithe:

| Aicme sócmhainní | Saolré fhóinteach | Ráta amúchta |
|---|---|---|
| Ceadúnais bogearraí | 5 bliana | 20% |
| Bogearraí faighte/forbartha | 5 bliana | 20% |

***Fardail***

Áirítear le luacháil na bhfardal míreanna inchaite ardéilimh ar luach íseal mar gheall ar a nádúr agus an gá atá le monatóireacht agus slándáil.

## Ráiteas maidir le rialú inmheánach airgeadais

***Freagracht as an gcóras um rialú inmheánach airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, admhaím an fhreagracht atá orm as a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais á chothabháil agus á fheidhmiú ag an tSaotharlann Stáit.

Feidhmítear an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus na n-oibleagáidí eile atá orm mar Cheimiceoir Stáit. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras um rialú inmheánach airgeadais ach dearbhú réasúnta seachas dearbhú iomlán a thabhairt go ndéanfar sócmhainní a chosaint, idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndéanfar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha a chosc nó a bhrath go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas um rialú inmheánach airgeadais a chothabháil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht.

***Seirbhísí comhroinnte***

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam maidir le ceanglais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir an tSaotharlann Stáit agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte maidir le seirbhísí comhroinnte párolla agus seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna a sholáthar.

Táim ag brath ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte go bhfuil na rialuithe cuí i bhfeidhm maidir le seirbhísí comhroinnte a sholáthar don tSaotharlann Stáit.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Tá timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a chuimsíonn na gnéithe seo a leanas.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal na bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal inar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomh ceartaitheach cuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm maidir le mo chuid freagrachtaí as an gcóras inmheánach rialaithe airgeadais a chomhlíonadh.
- Tá nósanna imeachta do gach príomhphróiseas gnó doiciméadaithe.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Tá creat de nósanna imeachta riaracháin agus tuairiscithe rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta, agus go háirithe na nithe seo a leanas:

- go bhfuil córas buiséadaithe cuí ann le buiséad bliantúil a choinníonn an ardbhainistíocht faoi athbhreithniú.
- go ndéanann an ardbhainistíocht athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcoinne réamhaisnéisí.
- go bhfuil córas bainistíochta riosca i bhfeidhm laistigh den tSaotharlann Stáit.
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú.

- go bhfuil treoirlínte rialaithe infheistíochta caipitil cuí agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadal ann.

***Iniúchóireacht inmheánach agus Coiste Iniúchóireachta***

Tá feidhm iniúchta inmheánaigh ag an tSaotharlann Stáit le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá ceadaithe agam. Tá a cuid oibre bunaithe ar anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an tSaotharlann Stáit faoina réir agus tá a pleananna iniúchta inmheánaigh bliantúla, arna gceadú agamsa, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé mar aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déanann mise agus an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar obair leantach ar thuarascálacha na feidhme iniúchta inmheánaigh.

***Soláthar***

Cinntíonn an tSaotharlann Stáit go bhfuil fócas cuí ar dhea-chleachtas soláthair agus gach conradh á dhámhachtain agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh na dtreoirlínte ábhartha go léir a chinntiú. B’ionann an caiteachas ar earraí agus ar sheirbhísí, lena n-áirítear costas na foirne ar conradh, agus €5.6 milliún san iomlán in 2023.

Chuir an tSaotharlann Stáit sonraí ar fáil faoi chúig chonradh neamhiomaíocha sa tuairisceán bliantúil maidir le Ciorclán 40/2002 chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadadh agus Athchóiriú an Phlean Forbartha Náisiúnta.

Chomhlíon an tSaotharlann Stáit na treoirlínte do 2023 agus ní raibh aon chonarthaí neamhchomhlíontacha aici.

***Creat riosca agus rialaithe***

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an tSaotharlann Stáit a shainaithníonn agus a thuairiscíonn príomhrioscaí agus na bearta bainistíochta atá á nglacadh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár riosca i bhfeidhm ina sainaithnítear na príomhrioscaí atá roimh an tSaotharlann Stáit agus rinneadh iad seo a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir a dtábhachta. Déanann an Bord Bainistíochta an clár a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn débhliantúil. Úsáidtear toradh na measúnuithe seo chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú go leibhéal inghlactha.

Sonraítear sa chlár riosca na rialuithe agus na gníomhartha a theastaíonn chun rioscaí agus freagracht as feidhmiú rialuithe a shanntar d’fhoireann ar leith a mhaolú.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don bhainistíocht agus don Bhord Bainistíochta, i gcás inarb ábhartha, ar bhealach tráthúil. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh aitheanta a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Tá nósanna imeachta ag an tSaotharlann Stáit chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta agus rialaithe riosca. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na Saotharlainne Stáit ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais bunaithe ar obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus na hardbhainistíochta laistigh den tSaotharlann Stáit atá freagrach as an gcreat um rialú inmheánach airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

***Saincheisteanna um rialú inmheánach airgeadais***

Níor sainaithníodh aon laigí sa rialú inmheánach airgeadais i ndáil le 2023 ar gá iad a nochtadh sa chuntas leithreasa.

**Barbara O'Leary**
Oifigeach Cuntasaíochta
An tSaotharlann Stáit

11 Márta 2024

## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 14 An tSaotharlann Stáit

### Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Rinne mé iniúchadh ar an gcuntas leithreasa do Vóta 14 An tSaotharlann Stáit don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Is é mo thuairimse go gcuirtear i láthair go cuí

- sa chuntas leithreasa fáltais agus caiteachas Vóta 14 An tSaotharlann Stáit don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023, agus
- gur ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe.

#### *An bonn leis an tuairim*

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAnna) arna gcur i bhfeidhm ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Déantar cur síos ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar an tSaotharlann Stáit agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá aimsithe agam leordhóthanach agus cuí chun bunús a chur le mo thuairim.

#### Tuarascáil ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm as tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus Mac Cárthaigh**
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

17 Meitheamh 2024

## Aguisín leis an tuarascáil

## Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den Exchequer and Audit Departments Act 1866
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe, agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Is é mo chuspóir agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam ná dearbhú réasúnach a fháil maidir le cé acu atá nó nach bhfuil an cuntas leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha ar calaois nó earráid is cúis leis. Is leibhéal ard dearbhaithe é dearbhú réasúnach, ach ní ráthaíocht é go mbraithfidh iniúchadh a dhéantar de réir na ISAnna (Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht) míráiteas ábhartha i gcónaí nuair a bheidh sé ann. Féadfaidh míráiteas eascairt as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha dá bhféadfaí a bheith ag súil le réasún go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí a dhéantar ar bhonn an chuntais leithreasa, ina n-aonar nó ina n-iomláine.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na ISAnna, cleachtaim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil i rith an iniúchta. Agus mé ag déanamh amhlaidh,

- Sainaithním agus measúnaím rioscaí an mhíráitis ábhartha a bhaineann leis an gcuntas leithreasa, cibé acu de bharr calaoise nó earráide iad; dearaim agus feidhmím nósanna imeachta iniúchóireachta a fhreagraíonn do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchóireachta is leor agus is cuí chun bunús a sholáthar i gcomhair mo thuairime. Is mó an riosca nach mbraithfí míráiteas ábhartha a rinneadh de bharr calaoise ná míráiteas ábhartha a rinneadh de bharr earráide, mar d'fhéadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar an rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh a bheidh iomchuí sna cúinsí i gceist, ach ní chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Measúnaím cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí de chuid fhorálacha cuntasaíochta na Roinne Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le scóip agus uainiú beartaithe an iniúchta agus torthaí suntasacha iniúchta, i measc nithe eile, lena n-áirítear aon laigí suntasacha sa rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta.

Tuairiscím de réir eisceachta más amhlaidh, i mo thuairimse,

- nár bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe uile a theastaigh uaim i gcomhair m'iniúchta, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta le go bhféadfaí an cuntas leithreasa a iniúchadh go héasca agus go cuí, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

#### Tuairisciú ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca le m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na ISAnna an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó atá an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más rud é, bunaithe ar an obair a rinne mé, go dtagaim ar an gconclúid go bhfuil míráiteas ábhartha ann, ceanglaítear orm an fhíric sin a thuairisciú.

#### Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna tuarascálacha iniúchóireachta ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidlí ábhartha sa Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí uaim, ar tuarascáil bhliantúil í.

# Vóta 14 An tSaotharlann Stáit

## Cuntas Leithreasa 2023

| | | | 2023 | | 2022 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar sna meastacháin | Olltoradh | Olltoradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas Cláir** | | | | | |
| A | Saotharlann anailíseach agus seirbhís chomhairleach an Rialtais | | | | |
| | *Bunaidh* | 12,847 | | | |
| | *Forlíontach* | 537 | | | |
| | | | 13,384 | 13,265 | 11,725 |
| **Ollchaiteachas** | | | **13,384** | **13,265** | **11,725** |
| | *Asbhain* | | | | |
| B | **Leithreasaí i gcabhair** | | | | |
| | *Bunaidh* | 1,111 | | | |
| | *Forlíontach* | 149 | | | |
| | | | **1,260** | **1,404** | **1,070** |
| **Glanchaiteachas** | | | | | |
| | *Bunaidh* | 11,736 | | | |
| | *Forlíontach* | 388 | | | |
| | | | **12,124** | **11,861** | **10,655** |

**Barrachas**

Tá barrachas an mhéid a sholáthraítear thar an nglanmhéid a chuirtear i bhfeidhm faoi dhliteanas a thabhairt suas don Státchiste.

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Barrachas le géilleadh** | **262,950** | **401,340** |

**Barbara O'Leary**
Oifigeach Cuntasaíochta
An tSaotharlann Stáit

11 Márta 2024

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas maidir le Costas Oibriúcháin 2023

| | | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Pá | | 7,651 | 6,516 |
| Neamhphá | | 5,614 | 5,209 |
| **Ollchaiteachas** | | **13,265** | **11,725** |
| *Asbhain* | | | |
| **Leithreasaí i gcabhair** | | **1,404** | **1,070** |
| **Glanchaiteachas** | | **11,861** | **10,655** |
| | | | |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| ***Maoin, gléasra agus trealamh (nóta 2.1)*** | | | |
| Ceannacháin | (706) | | |
| Dímheas | 1,001 | | |
| ***Sócmhainní doláimhsithe (nóta 2.2)*** | | | |
| Amúchadh | 20 | | |
| | | 315 | (350) |
| | | | |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhardail | 14 | | |
| Laghdú ar réamhíocaíochtaí | 230 | | |
| Laghdú ar ioncam fabhraithe | 125 | | |
| (Laghdú) speansais fhabhraithe | (54) | | |
| | | 315 | 306 |
| **Caiteachas díreach** | | **12,491** | **10,611** |
| | | | |
| **Caiteachas arna iompar in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 1,819 | 2,147 |
| Measchíosanna | | 1,688 | 1,688 |
| **Glanchostas cláir** | | **15,998** | **14,446** |

## 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá méid an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na méideanna seo a leanas maidir le Vóta 14 arna iompar in áit eile.

| | | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| Vóta 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 10 | 10 |
| Vóta 12 | Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 1,796 | 2,126 |
| Vóta 18 | An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 13 | 11 |
| | | **1,819** | **2,147** |

## Nóta 2 Ráiteas ar Staid an Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2023

| | Nóta | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní seasta** | | | |
| Maoin, gléasra agus trealamh | 2.1 | 1,807 | 2,102 |
| Sócmhainní doláimhsithe | 2.2 | — | 20 |
| **Iomlán na sócmhainní seasta** | | 1,807 | 2,122 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | | 312 | 254 |
| Fardail | 2.3 | 296 | 310 |
| Réamhíocaíochtaí | 2.4 | 800 | 1,030 |
| Ioncam fabhraithe | 2.5 | 53 | 178 |
| Iarmhéideanna dochair eile | | 4 | 3 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **1,465** | **1,775** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Speansais fhabhraithe | 2.6 | 268 | 322 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.7 | 300 | 223 |
| Glanmhaoiniú Státchiste | 2.8 | 16 | 34 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **584** | **579** |
| **Glansócmhainní reatha** | | 881 | 1,196 |
| **Glansócmhainní** | | **2,688** | **3,318** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe stáit** | 2.9 | **2,688** | **3,318** |

## 2.1 Maoin, gléasra agus trealamh [a]

| | Trealamh | Troscán agus feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| **Costas nó luacháil [b]** | | | |
| Ar 1 Eanáir 2023 | 14,747 | 559 | 15,306 |
| Breiseanna | 706 | — | 706 |
| Diúscairtí | (155) | — | (155) |
| Ar 31 Nollaig 2023 | 15,298 | 559 | 15,857 |
| **Dímheas carntha** | | | |
| Ar 1 Eanáir 2023 | 12,654 | 550 | 13,204 |
| Dímheas don bhliain | 999 | 2 | 1,001 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (155) | — | (155) |
| Ar 31 Nollaig 2023 | 13,498 | 552 | 14,050 |
| **Glansócmhainní** | | | |
| **Ar 31 Nollaig 2023** | **1,800** | **7** | **1,807** |
| Ar 31 Nollaig 2022 | 2,093 | 9 | 2,102 |

Nótaí [a] Áirítear le costas nó luacháil ag tús agus deireadh na bliana sócmhainní a fuarthas le haghaidh níos lú ná €10,000 roimh an 1 Eanáir 2021

[b] Ón 1 Eanáir 2023, déantar sócmhainní éadála agus forbartha bogearraí a rangú mar shócmhainní doláimhsithe (nóta 2.2)

## 2.2 Sócmhainní Doláimhsithe [a]

| | Bogearraí faighte agus forbartha | Iomlán |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Costas nó luacháil** | | |
| Ar 1 Eanáir 2023 | 174 | 174 |
| Ar 31 Nollaig 2023 | 174 | 174 |
| **Amúchadh carntha** | | |
| Ar 1 Eanáir 2023 | 154 | 154 |
| Amúchadh don bhliain | 20 | 20 |
| Ar 31 Nollaig 2023 | 174 | 174 |
| **Glansócmhainní** | | |
| **Ar 31 Nollaig 2023** | — | — |
| Ar 31 Nollaig 2022 | 20 | 20 |

Note [a] An 1 Eanáir 2023, aistríodh sócmhainní bogearraí a fuarthas agus a forbraíodh ó mhaoin, gléasra agus trealamh.

## 2.3 Fardail

| ar 31 Nollaig | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Ceimiceáin agus earraí inchaite saotharlainne | 251 | 264 |
| Stáiseanóireacht agus earraí inchaite TF | 45 | 46 |
| | **296** | **310** |

## 2.4 Réamhíocaíochtaí

| ar 31 Nollaig | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Saotharlann agus TF | 763 | 1,018 |
| Riarachán | 37 | 12 |
| | **800** | **1,030** |

## 2.5 Ioncam Fabhraithe

| ar 31 Nollaig | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Dlite le haghaidh seirbhísí | 53 | 178 |
| | **53** | **178** |

## 2.6 Speansais fhabhraithe

| ar 31 Nollaig | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Saotharlann agus TF | 130 | 146 |
| Riarachán | 138 | 176 |
| | **268** | **322** |

## 2.7 Iarmhéideanna creidmheasa eile

| ar 31 Nollaig | 2023 €000 | 2022 €000 |
|---|---|---|
| **Méideanna atá dlite don Stát** | | |
| Cáin ioncaim | 111 | 79 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa | 85 | 62 |
| An Muirear Sóisialta Uilíoch | 24 | 16 |
| Cáin Conarthaí Iomchuí | — | 1 |
| Cáin bhreisluacha ar éadálacha san AE | 25 | 18 |
| | 245 | 176 |
| Asbhaintí párolla arna gcoimeád ar fionraí | 55 | 46 |
| Míreanna fionraí creidmheasa eile | — | 1 |
| | **300** | **223** |

## 2.8 Glanmhaoiniú Státchiste

| ar 31 Nollaig | 2023 €000 | 2022 €000 |
|---|---|---|
| Barrachas le géilleadh | 263 | 401 |
| Deontas Státchiste neamhtharraingthe | (247) | (367) |
| **Glanmhaoiniú Státchiste** | **16** | **34** |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 312 | 254 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 4 | 3 |
| | 316 | 257 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (245) | (176) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí | (55) | (47) |
| | (300) | (223) |
| | **16** | **34** |

## 2.9 Cuntas maoinithe Stáit

| | Nóta | | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ar 1 Eanáir | | | 3,318 | 3,274 |
| Eisíocaíochtaí as an Vóta | | | | |
| Soláthar sna meastacháin | Cuntas | 12,124 | | |
| Barrachas le géilleadh | Cuntas | (263) | | |
| Glanvóta | | | 11,861 | 10,655 |
| Caiteachas (airgead tirim) arna iompar in áit eile | 1.1 | | 1,819 | 2,147 |
| Caiteachas neamhairgid – measchíos | 1 | | 1,688 | 1,688 |
| Glanchostas cláir | 1 | | (15,998) | (14,446) |
| **Iarmhéid ar 31 Nollaig** | | | **2,688** | **3,318** |

## 2.10 Ceangaltais

| **Ceangaltais dhomhanda** | **2023** | **2022** |
|---|---|---|
| ar 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Earraí agus seirbhísí | 530 | 431 |
| **Iomlán** | **530** | **431** |

## Nóta 3 Caiteachas Vóta

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

Tá an leithdháileadh go léir do Vóta 14 an tSaotharlann Stáit rangaithe mar chaiteachas riaracháin a chuirtear i bhfeidhm ar chlár amháin: saotharlann anailíseach agus seirbhís chomhairleach an Rialtais.

| | | | | 2023 | | 2022 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar sna meastacháin | | Olltoradh | Olltoradh |
| | | €000 | €000 | | €000 | €000 |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | | | | | |
| | *Bunaidh* | 7,867 | | | | |
| | *Forlíontach* | (103) | | | | |
| | | | 7,764 | | 7,651 | 6,516 |
| ii | Taisteal agus cothabháil | | 35 | | 20 | 9 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | | 375 | | 518 | 324 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | | 60 | | 39 | 47 |
| v | Trealamh saotharlainne agus seirbhísí TF seachtracha | | 3,027 | | 2,766 | 3,081 |
| vi | Costais áitribh oifige | | | | | |
| | *Bunaidh* | 1,458 | | | | |
| | *Forlíontach* | 640 | | | | |
| | | | 2,098 | | 2,248 | 1,711 |
| vii | Comhairleacht agus VFM agus athbhreithnithe beartais | | 25 | | 23 | 37 |
| | | | **13,384** | | **13,265** | **11,725** |

### Éagsúlachtaí suntasacha

Déanann an nóta seo a leanas anailís ar chaiteachas riaracháin an Vóta agus leagann sé amach na cúiseanna atá le héagsúlachtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000).

iii **Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha**

*Meastachán €375,000; réadaithe €518,000*

Bhí caiteachas méadaithe de €143,000 ann mar gheall ar chostais earcaíochta breise agus costais oiliúna breise chun earcú suntasach foirne na bliana a chlúdach. Tháinig méadú 24% ar líon na foirne a bhí fostaithe ag deireadh 2023 i gcomparáid le deireadh na bliana roimhe sin.

vi **Costais áitribh oifige**

*Meastachán €1.458 milliún; réadaithe €2.248 milliún*

Bhí gá le meastachán forlíontach de €640,000 mar gheall ar an luaineacht leanúnach i gcostais leictreachais agus gáis. Déantar costais leictreachais agus gáis na Saotharlainne Stáit a chur amach ar conradh trí chreataí OGP. Tabhaíodh costais bhreise de €150,000 mar gheall ar chostais gan choinne i mbainistíocht saoráidí maidir le boilsciú agus de bharr oibreacha feabhsúcháin a bheith curtha i gcrích freisin.

# Nóta 4 Admhálacha

## 4.1 Leithreasaí i gcabhair

| | | | 2023 | | 2022 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | **Meastachán** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1 | Fáltais le haghaidh anailísí, scrúduithe, tástálacha éagsúla srl. | | | | |
| | *Bunaidh* | 900 | | | |
| | *Forlíontach* | 149 | | | |
| | | | 1,049 | 1,162 | 864 |
| 2 | Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair na seirbhíse poiblí | | 210 | 242 | 205 |
| 3 | Fáltais ilghnéitheacha | | 1 | — | 1 |
| | **Iomlán** | | **1,260** | **1,404** | **1,070** |

**Éagsúlachtaí suntasacha**

Leagtar amach sa nóta seo a leanas na cúiseanna atá le héagsúlachtaí suntasacha i leithreasaí i gcabhair (+/- 5% agus €100,000).

**1 Fáltais le haghaidh anailísí, scrúduithe, tástálacha éagsúla srl.**

*Meastachán €1.05 milliún; réadaithe €1.162 milliún*

Áiríodh meastachán forlíontach de €149,000 mar gheall ar bhailiúcháin airgid níos fearr ná mar a bhí tuartha ar fhéichiúnaithe agus méadú ar líon na dtástálacha a críochnaíodh sa bhliain.

## Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

### 5.1 Líon na bhfostaithe

| **Coibhéisí lánaimseartha** | **2023** | **2022** |
|---|---|---|
| An líon foirne ag deireadh na bliana | **124** | **100** |

### 5.2 Pá

| | **2023** | **2022** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 6,981 | 5,953 |
| Liúntais ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 3 | 20 |
| ÁSPC an Fhostóra | 667 | 543 |
| **Pá iomlán** | **7,651** | **6,516** |

### 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | **Líon na bhfaighteoirí** | **Faighteoirí €10,000 nó níos mó** | **Íocaíocht aonair is airde** | |
|---|---|---|---|---|
| | | | **2023** | **2022** |
| | | | **€** | **€** |
| Liúntais ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | — | — | — | 10,489 |
| Liúntais eile | 4 | — | 1,317 | 1,276 |

Faoi théarmaí chomhaontú athstruchtúraithe 1% PCW an AHCPS, fuair 14 oifigeach liúntais PCW. Ba é an méid iomlán a íocadh ná €44,037 (2022: €37,449).

## 5.4 Bandaí pá foirne na Saotharlainne Stáit

Seo a leanas líon na bhfostaithe sa tSaotharlann Stáit a raibh a sochair fostaí iomlan (lena n-áirítear bunphá, liúntais, ragobair; gan ÁSPC fostóra, costais phinsin fostóra san áireamh) don bhliain airgeadais idir €20,000 agus €59,999 agus laistigh de gach banda de €10,000 ó €60,000 aníos.

| Bandaí pá (€) | | Líon na bhfostaithe | |
|---|---|---|---|
| **Ó** | **Go dtí** | **2023** | **2022** |
| 20,000 | 59,999 | 58 | 58 |
| 60,000 | 69,999 | 12 | 14 |
| 70,000 | 79,999 | 26 | 16 |
| 80,000 | 89,999 | 6 | 6 |
| 90,000 | 99,999 | 3 | 2 |
| 100,000 | 109,999 | 2 | 2 |
| 110,000 | 119,999 | 1 | 1 |
| 120,000 | 129,999 | 1 | — |

## 5.5 Luach saothair agus sochair an Oifigigh Chuntasaíochta

Seo a leanas luach saothair agus sochair inchánach an Oifigigh Chuntasaíochta don bhliain airgeadais.

| | **2023** | **2022** |
|---|---|---|
| | € | € |
| Bunphá | | |
| Ita Kinahan – go dtí 20 Bealtaine 2022 | — | 41,615 |
| Barbara O'Leary – ón 21 Bealtaine 2022 | 125,583 | 65,158 |
| Liúntais | 1,259 | 17,343 |
| | **126,842** | **124,116** |

Níl luach na sochar scoir a tuilleadh sa tréimhse san áireamh thuas. Tá an tOifigeach Cuntasaíochta ina ball den Scéim Pinsean Ranníocach do Státseirbhísigh Bhunaithe agus den Scéim Ranníocach Athbhreithnithe do Chéilí agus Leanaí a bhaineann léi agus ní théann a teidlíochtaí ina leith sin thar théarmaí caighdeánacha na scéime sin.